# Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán 2014

38

49

114

139

44

7

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

## Clár Ábhar


1. Litir chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais 1
2. Príomhfhorbairtí in 2014 3
3. Deimhniú d'Imeachtaí Cúirte 7
4. Airgeadas 7
5. Deimhniú Scannán Pictiúrlainne 9
6. Deimhniú Físeán/DVDanna 11
7. Ceadúnais a Eisíodh 11
8. Foireann 13

Chuig Frances Fitzgerald TD, an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

A Aire, a chara,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán do 2014 a chur i láthair de réir mar atá forordaithe ag Alt 29 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989.

Bliain a bhí in 2014 inar leanadh den laghdú beag ar ghnó a chonacthas i mblianta roimhe sin. Cé go bhfuiltear ag súil leis de bharr na húsáide méadaithí atá á baint as seirbhísí ar éileamh a thagann lasmuigh de shainchúram reachtach na hoifige seo, mar is ceart, táthar ag leanúint ar aghaidh ag cur an chuid is mó de shaothair phríomhshrutha DVD isteach lena n-aicmiú. Is amhlaidh sin mar go n-aithníonn dáileoirí an luach a bhaineann le trustmharc IFCO maidir le cinntí comhsheasmhacha aicmithe a thabhairt don phobal agus do thuismitheoirí/ do chaomhnóirí go háirithe.

Bhí méadú an athuair ar na scannáin phictiúrlainne a aicmíodh go 391 scannán, agus bhí laghdú ar DVDanna go 3,793 DVD ar na cúiseanna a luaitear thuas.

B'ionann an t-ioncam agus €1,700K, rud a léiríonn tréchur níos ísle na n-aighneachtaí DVD.

Tugadh faoin dara cuid dár dtionscadal taighde inmheánach le linn 2014. Bhíothas ag díriú an athuair ar thuairimí agus ar dhearcthaí, cé go raibh tuairimí agus dearcthaí i measc tuismitheoirí daltaí iar-bhunscoile i gceist sa chás seo. Foilseofar torthaí an taighde sin go luath sa bhliain 2015.

Le linn 2014, ní dhearnadh aon chinntí a achomharc chuig an mBord Achomhairc Aicmithe Scannán.

Mar chríoch, ba mhaith liom m'fhíorbhuíochas a ghabháil leis an méid a rinne an fhoireann d'Aicmitheoirí Cúnta, Mary Ita O'Sullivan, Bainisteoir na hOifige, mo chomhghleacaithe Státseirbhíse ag IFCO agus le John Laffan agus le Gráinne Whelan agus lena gcomhghleacaithe ag Rannóg Rialachais Shibhialta na Roinne freisin.

Is mise le meas,

Gerard Connolly

Ger Connolly
An Stiúrthóir Aicmithe Scannán Gníomhach

“Bagairt éadrom agus aicsean fantaisíochta. Claontagairt an-éadrom. Radhairc ina bhfuil soilse gealánacha láidre.”
(Comhairle thomhaltóirí le haghaidh The Lego Movie ar shuíomh Gréasáin IFCO)



The Lego Movie
Stiúrthóir: Phil Lord, Christopher Miller

G

## Príomhfhorbairtí in 2014

**Gníomhaíocht Oibriúcháin**
Ba é 391 an líon iomlán de phríomhscannáin phictiúrlainne a deimhníodh le linn 2014, sin méadú maith de 47 scannán ó 2013.

Ar an iomlán, ba é 3,793 an líon iomlán DVDanna a deimhníodh, sin laghdú de thuairim is 13% ó 2013. Mar a luadh i dtuarascálacha bliantúla eile, ba é an chúis ba mhó leis an treocht anuas leantach ná an méadú ar na roghanna ar éileamh atá ar fáil don lucht éisteachta. Ina ainneoin sin, mar a luadh roimhe seo, is mian le sealbhóirí cóipchirt go mbeidh an trustmharc atá i ndeimhniú IFCO le feiceáil ar eisiúintí príomhshrutha.

**Achomhairc**
Ní dhearnadh achomhairc chuig an mBord Achomhairc Athbhreithnithe Scannán le linn 2014.

**Físchluichí**
Le linn 2014, scrúdaigh IFCO 27 gcluiche ar thug an Córas Pan-Eorpach um Fhaisnéis Cluichí (PEGI) rátáil 18 dóibh chun comhlíonadh fhorálacha an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989, a chinntiú.

**Aiseolas ón bPobal**
Ag féachaint don líon iontrálacha pictiúrlainne agus díolachán DVD, ní dhéanann an pobal ach líon an-bheag gearán faoi chinntí ó IFCO agus, i bhformhór na gcásanna, tá comhfhreagraithe sásta tar éis dóibh ár dtreoirlínte foilsithe a léamh. Nuashonraíodh na treoirlínte sin in 2012.

**Taighde Tuismitheoirí**
Mar a cuireadh in iúl inár dTuarascáil do 2013, is ar bun atá an dara cuid, agus an chuid deiridh, de chomhairliúchán leathan IFCO le tuismitheoirí/caomhnóirí faoina ndearcthaí i leith aicmiú scannán. Bhíothas ag díriú sa taighde ar thuismitheoirí leanaí iar-bhunscoile agus rinneadh é le tacaíocht a thug Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí. Foilseofar torthaí an taighde go luath sa bhliain 2015.

**Fócasghrúpaí Scoileanna**
Mar chuid de thiomantas leanúnach IFCO do léargas níos iomláine a ghnóthú ar athruithe i dtuairimí agus i mbéimeanna i measc ár mboinn tomhaltóirí, rinneadh sraith fócasghrúpaí/láithreoireachtaí i scoileanna Éireannacha ar fud na bliana 2014. Chuir ár bhfoireann Aicmitheoirí Cúnta na himeachtaí sin i láthair, imeachtaí a dhear David Power agus Mark Brennan, beirt Aicmitheoirí. Bhí na himeachtaí dírithe ar leanaí iar-bhunscoile agus bhí siad fíor-úsáideach ó thaobh aiseolas díreach a fháil ó na leanaí arb é is aidhm dár n-aicmithe iad a chosaint.

Thar a bheith dearfach a bhí an freagra ó scoileanna a ghlac páirt ann agus déanfaidh an t-aiseolas a fuarthas ó na daltaí eolas don chuid deiridh dár suirbhé ar Dhearcthaí a fhoilseofar go luath sa bhliain 2015.

**Suíomh Gréasáin IFCO**
Leanann suíomh Gréasáin IFCO lena bheith ina acmhainn luachmhar do dhaoine a bhaineann úsáid as. Ar an drochuair, ní leor an fheasacht air agus táthar dóchasach gur féidir tionscadal a thionscnamh sa mheántéarma chun an líon daoine a bhainfidh úsáid as an acmhainn sin a mhéadú.

“Roinnt radhairc scanrúla agus radhairc bhagracha a d’fhéadfadh cur isteach ar bhreathnóirí óga.”
(Comhairle thomhaltóirí le haghaidh Into the Woods ar shuíomh Gréasáin IFCO)



Into the Woods
Stiúrthóir: Rob Marshall

PG

IFCO

**An Córas Pan-Eorpach um Fhaisnéis Cluichí (PEGI)**
Leanann IFCO lena bheith ina ball réamhghníomhach den chóras féinrialáilte aicmithe le haghaidh físchluichí. Ós rud é go bhfuil béim níos mó á leagan ar chluichí ilchluicheoirí agus ar ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí agus go bhfuil an líon cluichí beaga ag méadú go mór, tá grinnscrúdú á dhéanamh ag an gcóras ar bhealaí chun beachtú barainneach a dhéanamh ar na nósanna imeachta maidir leis an táirge meán sin a aicmiú.



Fallout 4

18 www.pegi.info



Far Cry 4

18 www.pegi.info

IFCO

"Foréigean minic aicsin fantaisíochta atá comhsheasmhach leis an saincheadúnas."
(Comhairle thomhaltóirí le haghaidh The Amazing Spider-Man 2 ar shuíomh Gréasáin IFCO)



The Amazing Spider-Man 2
Stiúrthóir: Marc Webb

I2A

## Deimhniú d'Imeachtaí Cúirte

Tarchuireann an Oifig gearáin maidir le sáruithe ar fhorálacha an Achta um Scrúdóireacht Scannán, 1923, agus an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989, chuig an nGarda Síochána lena n-imscrúdú.

Faoi Alt 23 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989, féadfaidh Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann deimhnithe a eisiúint chun faisnéis áirithe a sholáthar is inghlactha mar fhianaise in imeachtaí cúirte.

Ba é 0 an líon iomlán Deimhnithe a eisíodh in 2014 a thaispeánann nach raibh Deimhnithe Soláthair i bhfeidhm faoi Alt 14 (3) (b) maidir le saothair áirithe.

## Airgeadas

Is mar seo a leanas a bhí na táillí a ghearr an Oifig do dheimhniú scannán pictiúrlainne agus DVDanna/físeán agus d'eisiúint cheadúnas in 2014:

| | |
|---|---:|
| Físeán | €1,106,525.49 |
| Scannán | €317,585.25 |
| Ceadúnais | €275,350.00 |
| Ilghnéitheach | €2,833.43 |

B'ionann an t-ioncam iomlán a fuarthas thar ceann na Roinne in 2014 agus €1,702,294.17.



Guardians of the Galaxy
Stiúrthóir: James Gunn

12A



The Raid 2
Stiúrthóir: Gareth Evans

18



Cold in July
Stiúrthóir: Jim Mickle

16



Paddington
Stiúrthóir: Paul King

G

IFCO

“Caint bhéal-láidir agus tagairtí do ghnéas.”

(Comhairle thomhaltóirí le haghaidh The Grand Budapest Hotel ar shuíomh Gréasáin IFCO)





The Grand Budapest Hotel

Stiúrthóir: Wes Anderson

15A

# Deimhniú Scannán Pictiúrlainne


## Scannáin Phictiúrlainne a Deimhníodh



| | |
|---|---|
| Príomhscannáin | 390 |
| Gearrscannáin | 1 |
| Blaisíní | 481 |
| **Iomlán** | **872** |

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| Príomhscannáin | 318 | 336 | 343 | 390 |
| Gearrscannáin | 5 | 2 | 1 | 1 |
| Blaisíní | 377 | 395 | 424 | 481 |
| **Iomlán** | **700** | **733** | **768** | **872** |

## Deimhnithe de réir Catagóire 2011 - 2014



| | |
|---|---|
| **G** | 38 |
| **PG** | 49 |
| **12A** | 114 |
| **15A** | 139 |
| **16** | 44 |
| **18** | 7 |
| **Iomlán** | **391** |

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| **G** | 37 | 27 | 24 | 38 |
| **PG** | 37 | 33 | 37 | 49 |
| **12A** | 87 | 94 | 105 | 114 |
| **15A** | 87 | 116 | 125 | 139 |
| **16** | 51 | 52 | 34 | 44 |
| **18** | 19 | 14 | 19 | 7 |
| **Iomlán** | **318** | **336** | **344** | **391** |

## Tír Thionscnaimh

| **Tír Thionscnaimh Aonair** | |
|---|---|
| An Astráil | 6 |
| An Bheilg | 1 |
| Ceanada | 7 |
| An Fhrainc | 7 |
| An Ghearmáin | 2 |
| An India | 41 |
| An Indinéis | 1 |
| Éire | 21 |
| An tSeapáin | 2 |
| An Ísiltír | 1 |
| An Nua-Shéalainn | 1 |
| An Iorua | 1 |
| An Phalaistín | 1 |
| Na hOileáin Filipíneacha | 1 |
| An Pholainn | 2 |
| An Rúis | 3 |
| Singeapór | 1 |
| An Afraic Theas | 1 |
| An tSualainn | 2 |
| An Ríocht Aontaithe | 57 |
| SAM | 142 |
| **Iomlán** | **301** |

| **Níos Mó ná Tír Thionscnaimh Amháin** | |
|---|---|
| An Ríocht Aontaithe/SAM | 13 |
| SAM/an Fhrainc | 6 |
| Éire/an Ríocht Aontaithe | 5 |
| An Astráil/SAM | 3 |
| SAM/Ceanada | 3 |
| An Danmhairg/an Ghearmáin/an Fhrainc/an Bheilg/ an Ríocht Aontaithe | 2 |
| An Fhrainc/an Bheilg | 2 |
| An Fhrainc/Ceanada | 2 |
| An Ghearmáin/SAM | 2 |
| An Ríocht Aontaithe/an tSín/SAM | 2 |
| An Ríocht Aontaithe/an Fhrainc/Ceanada | 2 |
| An Ríocht Aontaithe/SAM/an Fhrainc | 2 |
| An Airgintín/an Spáinn/an India/SAM | 1 |
| Ceanada/an India | 1 |
| Ceanada/an Chóiré Theas/SAM | 1 |
| Ceanada/an Spáinn | 1 |
| Ceanada/SAM/an Ghearmáin/an Fhrainc | 1 |
| An Danmhairg/an tSualainn | 1 |
| An Danmhairg/an Ríocht Aontaithe/an Afraic Theas | 1 |
| An Fhrainc/an Iodáil | 1 |
| An Fhrainc/an Pholainn | 1 |
| An Fhrainc/SAM/an Bheilg/an Iodáil | 1 |
| An Ghearmáin/Ceanada | 1 |
| An Ghearmáin/an Ríocht Aontaithe | 1 |
| Hong Cong/an tSín | 1 |
| An Íoslainn/an Ghearmáin/Éire | 1 |
| An India/an Fhrainc/an Ghearmáin/SAM | 1 |
| Éire/Ceanada | 1 |
| Éire/an Ghearmáin | 1 |
| Éire/an Spáinn | 1 |
| Éire/SAM | 1 |
| Iosrael/an Ghearmáin/an Pholainn/Lucsamburg/an Bheilg | 1 |
| An Chéinia/SAM | 1 |
| An Nua-Shéalainn/SAM | 1 |
| An Iorua/an Ghearmáin/an tSualainn/an Fhrainc/an Fhionlainn | 1 |
| An Iorua/Éire/an tSualainn | 1 |
| An Rómáin/SAM | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/an Astráil | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/an Bhrasaíl | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/an Fhrainc | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/an Ghearmáin/an Fhrainc/an Chipir/SAM | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/Éire/an Fhrainc | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/Éire/SAM | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/Meicsiceo | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/an Spáinn | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/SAM/an Ghearmáin | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/SAM/an Ghearmáin/an Bheilg | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/SAM/an Rúis/an Ísiltír | 1 |
| An Ríocht Aontaithe/Vítneam | 1 |
| SAM/Ceanada/Madagascar | 1 |
| SAM/an Ghearmáin/Ceanada | 1 |
| SAM/Hong Cong/an Ríocht Aontaithe | 1 |
| SAM/an India | 1 |
| SAM/an Iodáil/an Afganastáin | 1 |
| SAM/an tSeapáin | 1 |
| SAM/an Rómáin | 1 |
| SAM/an Ríocht Aontaithe/an Spáinn | 1 |
| **Iomlán** | **89** |

IFCO

"Caint an-bhéal-láidir agus tagairtí ciníocha atá comhsheasmhach leis an tréimhse. Tagairtí láidre do ghnéas agus cásanna láidre gnéis."

(Comhairle thomhaltóirí le haghaidh A Million Ways to Die in the West ar shuíomh Gréasáin IFCO)




A Million Ways to Die in the West

Stiúrthóir: Seth MacFarlane

16

## Deimhniú Físeán/DVDanna

### Deimhniú Ceadúnas Físeán/DVDanna a Eisíodh 2014




| | |
|---|---|
| G | 676 |
| PG | 675 |
| 12 | 884 |
| 15 | 1331 |
| 18 | 227 |
| **Iomlán** | **3793** |

### Saothar DVD/Físe a Deimhníodh de réir Catagóire 2011 – 2014

| | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| G | 1353 | 1163 | 924 | 676 |
| PG | 786 | 794 | 817 | 675 |
| 12 | 1162 | 1137 | 1033 | 884 |
| 15 | 1582 | 1692 | 1317 | 1331 |
| 18 | 390 | 319 | 245 | 227 |
| **Iomlán** | **5273** | **5105** | **4336** | **3793** |

## Ceadúnais a Eisíodh 2014

| | |
|---|---|
| Mórdhíol | 3 |
| Miondíol Feithicle | 1 |
| Miondíol | 1183 |
| **Iomlán** | **1187** |





One Million Dubliners
Stiúrthóir: Aoife Kelleher
PG



’71
Stiúrthóir: Yann Demange
15A

“Ábhar gnéasach minic agus an-fhollasach. Radhairc an-fhoréigneach sádmhasacais. Foréigean láidir. Cuirfidh sé seo fearg ar roinnt breathnóirí.”
(Comhairle thomhaltóirí le haghaidh Nymphomaniac: Volume II ar shuíomh Gréasáin IFCO)



Nymphomaniac: Volume II
Stiúrthóir: Lars vonTrier

18

## Foireann

### An Stiúrthóir Aicmithe Scannán Gníomhach

Ceapadh Ger Connolly mar Stiúrthóir Gníomhach i mí na Nollag 2009, tar éis dó a bheith mar Leas-Stiúrthóir ó 2003. Rugadh i mBaile Chill Dara é agus is ann atá sé ina chónaí. Bhain sé Céim B. Comm. amach as UCD. Rinne sé staidéar ar chuntasaíocht le Deloitte, Haskins & Sells, agus bhí sé ag obair sa cháil sin sna tionscail fógraíochta agus déantúsaíochta.

Déanann sé ionadaíocht d'Éirinn ag Comhairle na nAicmitheoirí Scannán Eorpacha agus tá sé ina chomhalta freisin de Bhord Comhairliúcháin PEGI agus ar Bhord Achomhairc PEGI araon, an Córas Eorpach um Fhaisnéis Cluichí.

### Aicmitheoirí Cúnta Páirtaimseartha le linn 2014

Olga Bennett
Iar-Ionadaí Poiblí
Ceaptha 1993

Mark Brennan
Iriseoir agus Léiritheoir Teilifíse
Ceaptha 2004
Athcheaptha 2014

Mairéad Marron
Comhairleoir/Síciteiripeoir
Ceaptha 1995

Dani McClafferty
Comhairleoir
Ceaptha 2004
Athcheaptha 2014

David Power
Léiritheoir Teilifíse
Ceaptha 2006
Athcheaptha 2014

Is í Mary Ita O'Sullivan Bainisteoir na hOifige, agus déanann sí maoirseacht ar fhoireann Státseirbhíseach.

www.ifco.ie

G PG 12A 15A 16 18

IFCO
IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE